

# Comhairle Contae Átha Cliath Theas Tuarascáil Bhliantúil 2016



2016

## Ár Misean

**An áit is fearr le cónaí  
ann, le hoibriú ann agus  
le gnó a dhéanamh ann  
a dhéanamh dár gcontae**

# Clár na nÁbhar

Brollach An Mhéara	2
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	4
Cruinnithe na Comhairle 2016	6
An Coiste Um Beartas Straitéiseach (CBSanna)	7
<b>Forbairt Eacnamaíoch Fiontraíochta agus Turasóireachta</b>	<b>8</b>
<b>Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar</b>	<b>14</b>
<b>Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail</b>	<b>18</b>
<b>An Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide</b>	<b>24</b>
<b>Cumas agus Cuntasacht Eagraíochtúil</b>	<b>30</b>
<b>AGUISÍN</b>	
1. Cairteanna agus Graif Airgeadais	38
2. Ballraíocht na Comhairle de Choistí agus de Chomhlachtaí Eile	40
3. Comhdhálacha Oiliúna ar Fhreastail Comhairleoirí Orthu in 2016	44
4. Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2016	45
5. Nochtadh Cosanta 2016	48
6. Tuarascáil Um Tháscairí Feidhmíochta Áitiúla 2016	49

# Brollach an Mhéara



Tá ríméad orm mar Mhéara agus mar Chéad Saoránach Tuarascáil Bhliantúil 2016 do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a chur i láthair. Léirítear léargas den Chontae sa Tuarascáil agus ár machnamh ar imeachtaí 1916 dár spreagadh don todhcháí.

Nuair a thug mo phiaraí onóir dom agus nuair a thogh siad mé mar Mhéara ar an gContae iontach seo mé i mí an Mheithimh 2016, dúirt mé go ndíreoinn ar ‘An Pobal a Cheiliúradh’. Ag forbairt ar thosaíochtaí mo dhá réamhtheachtaí de chuid an Aontais Fhorásaigh, táim meáite ar dhíriú ar an bpobal, ar na daoine imeallaigh inár gContae go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas, agus iad siúd ó mhionlaigh eitneacha agus ar riachtanais daoine scothaosta.

Agus idéil fhorógra 1916 á meas againn tá sochaí againn in Éirinn atá an-neamhchothrom ar fad. Is é ár ndúshlán mar shochaí, creidim, an chuid sin den fhorógra ina sonraítear go gcaithfidimid “an meas céanna a bheith againn ar gach uile pháiste” a chur in iúl. Ní le daoine óga amháin a bhaineann sé, sea, is é sin an áit a thosaíonn sé, ach baineann sé le gach uile dhuine atá ina gcónaí inár bPoblacht chomh maith, rud a chiallaíonn i gcás s’againne na daoine atá ina gcónaí inár gContae. Táimid in ainm meas a bheith againn ar gach uile dhuine, beag beann ar chreideamh, ar dhath, ar chumas, ar chlaonadh nó nuair atá siad socraithe in Éirinn. Creidim nach féidir linn é sin a dhéanamh ach má ghlacaimid cur chuige daonnúil amháin. Is é an dúshlán a cuireadh romham nuair a toghadh mar Mhéara mé, agus atá os ár gcomhair ar fad, sochaí uilechuimsitheach agus chóir a forbairt. Tá daoine as thart ar 120 náisiúntacht éagsúil ina gcónaí inár gContae.

Is éagsúlacht shuntasach é sin. Dúshlán atá ann, creidim, a bhfuil aghaidh á tabhairt againn air cheana mar Chomhairleoirí, Feidhmeannach agus Saoránaigh de chuid Chontae Bhaile Átha Cliath Theas faoi mar a fheictear sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Feictear go bhfuilimid an-dáiríre inár gContae, faoi mar atá curtha in iúl lenár nAonad Cuimsithe Shóisialta atá an-ghníomhach chun sochaí uilechuimsitheach a forbairt. Ba léir domsa ó rinneadh Méara díom, agus deis faighte agam á fheiceáil dom féin cad atá ag tarlú i mBaile Átha Cliath theas, ní amháin é go bhfuilimid ag glacadh leis an gcineál seo éagsúlachta ina n-éascaítear na cultúir agus na traidisiúin éagsúla ach is ceann é chomh maith ina gcuirtear chun cinn go dearfach iad. Tá sé sin an-spreagúil don todhcháí.

Is é an Pobal Taistealaithe an mionlach eitneach is sine inár gContae agus mar Chathaoirleach ar an gCoiste Comhairle Áitiúil do Chóiríocht Taistealaithe táim an-eolach agus an-tuisceanach cheana faoi thairfead maith an Chontae seo i dtaca le cóiríocht a chur ar fáil do Thaistealaithe. Mar ionadaithe tofa leanaimid ag obair leis an bhfeidhmeannach, Grúpaí Tacaíochta Chluain Dolcáin agus Thamhlachta, an Pobal Taistealaithe agus an pobal socraithe chun tuiscint níos fearr agus mothú tuisceana a chur ar fáil idir an pobal socraithe agus an Pobal Taistealaithe. Tá an-bhuíoch as tacaíocht mo chomh-Chomhairleoirí do mo mholadh Fóram Pobail Taistealaithe a bhunú inár gContae ina ndéanfaidh Taistealaithe na leasanna sin atá speisialta dá n-oidhreacht, dá gcultúr agus dá bhféiniúlacht a cheiliúradh, a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm.

Le linn mo théarma oifige rinne mé mo dhícheall cumhacht a thabhairt don líon mór grúpaí agus eagraíochtaí deonacha agus pobalbhunaithe atá againn sa Chontae seo a dhéanann obair iontach agus luachmhar. Tá Líonra Pobail (LP) iontach againn anseo i mBaile Átha Cliath Theas agus tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh sé mar scáthchomhlacht don tsochaí shibhialta. Níl sé curtha in ionad an daonlathais tofa agus is féidir leis an

bpobal oibriú trína gComhairleoir áitiúil, nó an dá rud, chomh maith. Mar sin féin soláthraíonn LRP fóram neamhspleách inar féidir leis an bpobal ionchur a dhéanamh sa chinnteoireacht ar leibhéal an Rialtais Áitiúil, chun páirt dhíreach a ghlacadh sa chinnteoireacht. Soláthraíonn LRP fóram inar féidir leis an bpobal faisnéis a rochtain agus tionchar a bheith agat ar chinntiú an údaráis áitiúil. Tá an-áthas orm go bhfuair mé tacaíocht le linn mo théarma i leith Comhdháil Mhéara i Staidiam Thamhlachta ar “Tús Áite a Thabhairt do na Daoine” go luath in 2017.

Leis sin beifear ábalta scrúdú agus machnamh a dhéanamh ar ról agus freagrachtaí faoi seach LRP, an Fheidhmeannaigh agus na gComhairleoirí Tofa ar bhealach a mbeidh cumarsáid níos fearr agus comhoibriú níos éifeachtaí idir na trí gheallsealbhóir agus seirbhís Rialtais Áitiúil níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí do gach saoránach dá réir sin mar thoradh air.

Mar an gcéanna, tá ríméad orm go mbeidh an Treoirthionscadal “Buiséadú Rannpháirtíocht” do Toghcheantar amháin á lainseáil againn in 2017 chomh maith. Táthar ag súil go mbeidh fíor-rannpháirtíocht mar thoradh ar an tionscnamh ceannródaíoch seo sna mblianta amach romhainn ag Saoránaigh Chontae Bhaile Átha Cliath Theas sna tosaíochtaí seirbhíse agus saoráidí a dteastaíonn uathu ina gcomharsanacht agus dlúthpháirtíocht á forbairt acu ar fud gach réimse agus go háirithe iad siúd is mó gátar.

Bhí an Oifig Fiontair Áitiúil an-ghníomhach le linn 2016 maidir le tacaíocht a thabhairt do phoist agus poist a chur chun cinn. I gcomhar le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas thionóil sí Dámhachtainí Fiontraíochta ar éirigh an-mhaith ar fad leo agus sholáthair siad feasacht neartaíthe ar na deiseanna Turasóireacht inár gContae. Áirítear leis sin straitéis cúig bliana agus staidéar féidearthachta ina ndéanfar scrúdú ar an dóigh a bhféadfar Sléibhte suaitheanta Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn agus a chaomhnú do na glúinte amach romhainn. Lena chois sin, táthar ag féachaint le Gormbhealach na Life agus athbhunú an “Drochid Airgid” ó Pháirc Bhaile Uaitéir go Farmleigh a dhéanamh. Ba mhaith liom díriú chomh maith ar an nGaeilge agus ar ról Áras Chrónáin.

Nuair a chuaigh mé leis an bpolaitíocht ar dtús ba é m'fheidhm díriú ar riachtanais daoine agus pobal; ar an gcomhshaoil; agus ar phleanáil chothromaithe ina dtugtar tús áite do dhaoine Ba é mo mhana an t-am sin “Daoine chun tosaigh ar an bPáirt”, agus is é sin mo mhana go fóill. Tá borradh tagtha ar an gContae le 25 bliain anuas agus leanfaidh mé de bheith i mbun feachtais do na seirbhísí agus na saoráidí ba chóir a bheith curtha ar fáil in éineacht leis na tithe. Adhmaím agus cuirim fáilte roimh an tiomantas i mbuiséad Caipitil agus Fioscach reatha na Comhairle chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh seo. Is é ár n-aidhm pobail a thógáil; tá sé sin fíor go háirithe agus na géarchéimeanna reatha tithíochta agus easpa dídine á gcur san áireamh. Rinne mé mo dhícheall leas a bhaint as gach deis le linn mo théarma mar Mhéaraí chun dul i ngleic go dáiríre leis na géarchéimeanna tithíochta agus tugaim moladh do mo chomh-Chomhairleoirí agus don fheidhmeannach as an tiomantas ollmhóir atá léirithe acu maidir leis sin.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Danny McLoughlin agus lena fhoireann as an obair dhíograiseach a dhéanann siad agus le mo chomh-Chomhairleoirí as an gceannaireacht a chur ar fáil lena gcuirfear ar chumas ár bpobal a bheith comhtháite go hiomlán agus sult a bhaint as an gcáilíocht beatha a bhfuil siad ag tnúth leis agus atá tuillte acu. Ba mhaith liom moladh speisialta a thabhairt don Leas-Mhéara, an Comhairleoir Martina Genockey a chuir bród ar an oifig agus a rinne fiormhéid pearsanta do ról an Leas-Mhéara.

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Agus muid ag tarraingt ar lárphointe théarma na Comhairle, tá sé spreagúil a bheith ábalta dul chun cinn suntasach ar fud ár gcuspóirí maidir leis ‘an áit is fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le gnó a dhéanamh ann’ a dhéanamh dár gContae a thuairisciú. Sula ndéanfaidh mé trácht ar chuid de na buaicphointí, ba mhaith liom Clár Comórtha Céad Bliain 2016 na Comhairle a raibh an-rath air a lua chomh maith, rud a d’éascaigh an rannpháirtíocht ollmhór sa cheiliúradh náisiúnta seo.

Go ginearálta ní amháin gur shonraigh an bhliain lárphointe théarma na comhairle, ach shonraigh sí dul chun cinn agus aistriú pleananna agus clár ón gcoincheap go pleanáil go dtí iad a bhaint amach go luath. Tá sé sin go háirithe fíor i dtaca lenár dtosaíocht is mó do thithíocht. Cuireadh ocht tionscadal a raibh 260 ionad mar thoradh orthu chun cinn trí pheanáil, lorg siad tairiscintí le haghaidh ceithre scéim agus cuirfear tús leo i mí an Mhárta, agus lorgaíodh siad tairiscintí don chuid eile i dtús 2017 lena dtosú níos déanaí sa bhliain. Tá dhá scéim eile ag Old Bawn agus Bóthar Chuidbhríocht ar taispeáint phoiblí faoi láthair, agus tá an fhéidearthacht ann do 83 aonad eile, agus eisíodh Fógra Réamhfhaisnéise i dtaca le forbairt tionachta measctha comhfhiontair suas le 900 teach ag Cill Chairbre, agus fógrófar léirithe suime ina leith go luath in 2017. Tá treocht dhearfach á taispeáint i soláthair na tithíochta príobháidí anois. Leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae agus an athbhreithniú ar CFS Chluain Buiríosa atá á dhéanamh anois soláthrófar cinnteacht iomlán maidir leis sin. Rinneadh iarratas ar an gciste a fógraíodh le déanaí, an Ciste Tacaíochta Bonneagair le haghaidh ceithre cinn dár bpríomhláithreán forbartha ag Baile Adaim, Cluain Buiríosa, Cill Chairbre agus Baile Uí Chuillin. Táthar ag súil le cinneadh dearfach maidir leis sin.

Tá forbairt eacnamaíoch, fiontraíochta agus turasóireachta lárnach dár straitéis maidir leis an ngeilleagar áitiúil a fhás agus deiseanna a chur ar fáil dár saoránaigh. Tá an Ciste Tacaíochta Gnó de €1.2 milliún arb ionann é agus 1% de rátaí tráchtála, á dhíriú go héifeachtach ar thacaíocht a tabhairt do na hearnálacha FBM, miondíola agus fiontar dúchasach. Tá tionchar dearfach ag an Straitéis um Margaíocht do Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí, leis an méadú pleanáilte ar thrí ghnólacht reatha agus forbairt dhá cheann bhreise. Cuireadh tús leis an huasghrádú €20 milliún ar bhóithre cóngaracha Nangair agus an Chaisleán Nua i samhradh 2017 a thacóidh leis an méadú beartaithe siar ón bPáirc, i ndiaidh na n-éadálacha talún straitéiseacha a cuireadh i gcrích le déanaí chun na críche sin. Oslófar Ionad Cuairteoirí Chloigtheach Cluain Dholcáin an samhradh seo chugainn, agus tá dianmheasúnú comhshaoil á dhéanamh ar Thairseach Shléibhte Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Le staidéir ar Pháirc Chorcaí agus Caisleán Ráth Fearnáin déanfar iniúchadh ar dheiseanna infheistíochta eile chun turasóireacht a mhealladh lena mbreathnú sa chéad cheathrú de 2017.

In ainneoin an ghá le nithe is díol spéise úra, tá cáilíocht ár sráidbhailte reatha agus cur i láthair ginearálta an chontae ina ngnéithe ríthábhachtacha dár dtairiscint chomh maith. Leis an gClár um Méadú Sráidbhailte cuireadh Ráth Cúil agus Ráth Fearnáin i gcrích le linn na bliana. Is príomhchuspóirí iad cáilíocht an chomhshaoil agus cur i láthair aeistéitiúil dár rannóg ríochta poiblí agus comhshaoil. Bhí glacadh Beartas maidir le Bainistíocht Bruscair agus Crann le linn na bliana ina threoir d'infheistíocht bhreise i dtírdhreachú, prúnáil agus cur crann, bainistíocht bruscair agus uasghrádú ar an ríocht phoiblí. Cuireann rannpháirtíocht phoiblí agus dheonach inár gClár maidir le Feasacht an Chomhshaoil, Creidmheasanna Sóisialta, Scoileanna Glasa agus Bailte Slachtmhara, ar fad cion mór lenár mothú bróid as ár n-áit agus ár bpobal.

Gach bliain infheistimid os cionn €2 mhilliún i gclár tacaíochta pobail lena n-áirítear tionscadail samhraidh, tionscnaimh ealaíon, gradaim iarrachta, scéimeanna deontas agus tionscnamh pobail, agus faighimid toradh ollmhór ar ais astu i gcomhthéacs cáilmheasa agus saorálaíochais. Mar an gcéanna tugtar tacaíocht do shláinte agus d'fholláine an phobail trí raon leathan clár folláine agus infheistíochtaí bonneagair lena n-áirítear leabharlainne, clóis súgartha, pailliúin agus saoráidí spóirt agus tá eolas mionsonraithe tugtha orthu sin sa nuashonrú bliantúil seo. Tá sé go háirithe spreagúil gur bronnadh stádas “Contae Sláintiúil” ar Bhaile Átha Cliath Theas le linn na bliana, agus tá sé beartaithe againn an t-ainmniúchán sin a choinneáil.

Éascaíodh an méid a baineadh amach i rith na bliana ábhairín leis an bhfilleadh ar earcaíocht den chéad uair ó bhí 2009 ann. Thosaigh gar do 200 ball foirne úr ag obair san eagraíocht in 2016, mar thoradh ar dhaoine ag éirí as agus ar an ngá a aithint le méadú a dhéanamh ar an bhfostaíocht chun freastal ar éileamh agus fillleadh de réir a chéile ar gheilleagar níos cobhsaí. Tá gnáthobair laethúil ár bhfoirne túslíne riachtanach don tseirbhís poiblí. I dtéarmaí idirghníomhaíocht phearsanta láimhseálamar os cionn 500 fiosrúchán meán, rinneamar teagmháil le 15,700 leantóir ar na meáin shóisialta, agus phróiseálamar 190,000 fiosrúchán ó shaoránaigh agus thugamar freagra ar 90,000 fiosrúchán ar an nguthán.

Go hachomharc bhí an dul chun cinn le bliain anuas spreagúil agus tugann na sonraí atá leagtha amach sa tuarascáil seo léiriú dearfach ar iarrachtaí na heagraíochta a Plean Corparáideach a sheachadadh. Cé go bhfuil ceisteanna idirnáisiúnta ann maidir lenár n-ionchas eacnamaíoch, is féidir linn a bheith réasúnta cinnte go bhfuil an t-ionchas láithreach dearfach.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Méara Guss O’Connell, le Comhaltáí na Comhairle agus leis an bhFoireann as a gcuidiú agus as torthaí na tuarascála seo a sheachadadh.

**Daniel McLoughlin**

*Príomhfheidhmeannach*

# Cruinnithe na Comhairle 2016

## **Bhí 21 cruinniú iomlán de chuid na Comhairle lena raibh:**

- 11 Cruinniú iomlána de chuid na Comhairle lena n-áirítear Cruinniú Buiséid amháin.
- 6 Chruinniú um Choiste Nós imeachta Eagraithe agus Airgeadais lena n-áirítear Cruinniú Buiséid amháin.
- 1 Chruinniú Bliantúil.
- 3 Chruinniú um Plean Forbartha Contae.
- Thionóil an Grúpa Beartais Chorpáraidigh 12 chruinniú lena n-áirítear Cruinniú Buiséid amháin.
- Tháinig na 4 Choiste Ceantair do Chluain Dolcáin, Leamhcán, Ráth Fearnáin/Teach Mealóg-Tír an Lúir agus Tamhlacht le chéile 10 n-uaire in 2016.
- Lena chois tionóladh 2 Chruinniú de chuid Chomhaltaí an Oireachtais.

## **AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH (CBSanna)**

### **CBS na nEalaíon, Cultúir, na Gaeilge, na hOidhreacht agus Leabharlann**

**An Comhairleoir Dermot Richardson** *An Cathaoirleach*

Tháinig CBS na nEalaíon, Cultúir, Oidhreacht agus Leabharlann le chéile 4 huairé in 2016 agus áiríodh ar a gclár oibre:

- Straitéis Ealaíon 2016-2020.
- Comóradh 2016 a phleanáil.
- Straitéis Turasóireachta.
- Clár Ealaíne Poiblí (1 gcomhthéacs 4).
- Pleananna oidhreacht agus bithéagsúlachta.
- Méadú ar fhéile leabhar na Líne Deirge.

### **CBS na Forbarta Eacnamaíche, Fiontraíochta agus Turasóireachta**

**An Comhairleoir Charlie O'Connor** *Cathaoirleach*

Tháinig CBS na Forbartha Eacnamaíche, Fiontraíochta agus Turasóireachta le chéile 5 huairé in 2016 agus áiríodh ar a gclár oibre:

- An straitéis Fiontraíochta Réigiúnaigh agus Plean Áitiúil Cur Chun Feidhme.
- Straitéis Turasóireachta agus Plean Cur chun Feidhme.
- Bearta um Dheontais Tacaíochta Gnó.
- Nuashonruithe Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP).

Bhí comhchruinniú den dá CBS ar siúl i mí Iúil 2016 chun tionscadail agus imeachtaí turasóireachta a phlé.

### **CBS an Chomhshaoil, na Ríochta Poiblí agus an Athraithe Aeráide**

**An Comhairleoir Pamela Kearns** *Cathaoirleach*

Tháinig CBS an Chomhshaoil, na Ríochta Poiblí agus an Athraithe Aeráide le chéile ceithre huairé in 2016 agus áiríodh ar a gclár oibre:

- Straitéis Athchúrsála.
- Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair 2015-2019.
- Plean Bithéagsúlachta a ullmhú agus Plean Oidhreacht a thabhairt cothrom le dáta.
- Carranna Tréigthe.
- Breathnú ar Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Treoirínte maidir le hOiriúnú.



- Scéim um Maolú Tuilte.
- Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.
- Fodhlíthe um Thrádáil Ócáideach.
- Athbhreithniú ar Araidí Bruscair.
- Athbhreithniú agus Straitéis ar Reiligí.

## **CBS Tithíochta**

**An Comhairleoir Cathal King** *Cathaoirleach*

Le linn 2016, tháinig an CBS tithíochta le chéile 4 huairé agus pléadh agus breithníodh roinnt tuarascálacha agus ceisteanna lena n-áirítear:

- Scéim Cheannaigh Incrimintigh Tionóntaí.
- Beartas Cíosa agus Bainistíocht Fiach.
- Máistirplean Chill Chairbre, na Gráinsí.
- Prótacal Comhaontaithe na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- Tithíochta do Dhaoine Scothaosta – Peirspictíochtaí agus Moltaí don Todhchaí.

## **An CBS Sóisialta agus Pobail**

**An Comhairleoir Dermot Looney** *Cathaoirleach*

Tháinig CBS Spóirt, Caitheamh Aimsire agus Gnóthaí Pobail le chéile ceithre huairé in 2016 agus áiríodh ar a gclár oibre:

- Clár Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Athbhreithniú agus dul chun cinn an Chiste Tionscnamh Pobail agus Gradaim Iarrachta 2016.
- An Clár ‘Ómós Áite’.
- Tionscnamh um Fhéile Bia Idirchultúrtha.
- Féilte agus Tionscadail Samhraidh 2016.

## **An CBS Talamhúsáide, Pleanála agus Iompair**

**An Comhairleoir William Lavelle** *Cathaoirleach*

Tháinig an CBS Talamhúsáide, Pleanála agus Iompair le chéile ceithre huairé in 2016 agus rinne siad na cúrsaí seo a leanas a phlé agus a bhreithniú:

- Staidéar ar Chonair N4/N7.
- Beartas maidir le hAinmiú Bonneagair, soláthar Leac Cuimhneacháin agus Plaiceanna.
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha agus Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Fóram / Straitéis Athchúrsála.
- Clárú le haghaidh Láithreáin Fholmha.

Tá sonraí maidir le ballraíocht iomlán na CBSanna ar fáil in Aguisín 2.1.

# Forbairt Eacnamaíoch Fiontraíochta agus Turasóireachta





Cuspóir 1

**Timpeallacht Thacúil Ghnó  
le Cruthú agus Coimeád  
Post ag a gCroílár a  
Choimeád**

D'fhaomh an Chomhairle Straitéis Fiontraíochta Réigiúnaí Bhaile Átha Cliath 2017-2019 i mí na Samhna 2016.

D'urraigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas Gradaim thionscnaimh Gnó Chomhlachas Bhaile Átha Cliath Theas a tionóladh an 21 Deireadh Fómhair in Citywest Hotel.

Rinne Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas suirbhé ar Ghnólachtaí Easpórtála sa Chontae thar ceann na Comhairle. Cuirfidh sé sin bonn eolais faoi Phlean Gníomhaíochta 2017 d'Easpórtálaithe Áitiúla.

Lainseáil Oifige Fiontar Áitiúil (OFÁ) Gréasán na mBan Fiontracha i mBaile Átha Cliath Theas an 15 Nollaig, 2016.

D'fhaomh Coise Meastóireachta agus Faofa na OFÁ €583,250 le haghaidh 35 tionscadal, lena gcruthófar 42 post úr láithreach agus tá an fhéidearthacht ann go gcruthófar 167 post úr san iomlán.

D'fhreastail 553 duine ar chúrsaí oiliúna OFÁ.

Bhain 298 cliant leas as seirbhísí meantóireacht intí / for-rochtana ó OFÁ.

D'fhreastail 94 duine ar sheimineáir Trádála ar Líne agus faomhadh 34 dearbhán i mbliana.

Fuarthas 1,040 iarratas bailí a fuarthas ar an Deontas Tacaíochta Gnó agus tá 41 iarratas breise á gcur ar aghaidh le haghaidh le haghaidh scéimeanna tacaíochta um fheabhas/um fhorbairt.

Cuireadh oibreacha Feabhsúcháin Ceantair an Chiste Tacaíochta Gnó i gcrích i bPáirc Fiontraíochta Bhaile an Chócaigh, Seanbhóthar Belgard, Eastát Tionscail JFK agus cuireadh tionscadail eile ar aghaidh i mBaile an Mhóta agus Merrywell.

D'fhreastail 168 duine ar cláir oiliúna an Chiste Tacaíochta Gnó a bhí bunaithe ar shuirbhé in 2015 ar riachtanais oiliúna a rinneadh i gcomhair le Comhlachas.

Tugadh cead leanúint leis an gCiste Tacaíochta Gnó in 2017 mar chuid den phróiseas Buiséid.



## Forbairt Eacnamaíoch Fiontraíochta agus Turasóireachta

### Cuspóir 2

#### **Oibriú le Gníomhaireachtaí Tacaíochta Fiontar chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhéadú i mBaile Átha Cliath Theas Caisleán na Gráinsí**

Interxion: 80% a thógáil faoi dheireadh na bliana 2016. Chuir CCBÁCT an bealach isteach i gcrích.

Pfizer: Iarratas ar phleanáil curtha isteach maidir le méadú táirgthe agus tugadh an cead SD16A/0236. Bhí oibreacha cumasúcháin ar siúl go dtí mí na Nollag 2016. D'fhógair Pfizer nach ndéanfar an méadú i ngeall ar chinneadh a rinneadh le deireadh a chur le forbairt an druga bococizumab, druga chun colaistéaról a laghdú a bhí le déanamh ag Caisleán na Gráinsí.

Grífol: Iarratas ar phleanáil curtha isteach maidir le méadú táirgthe agus tugadh an cead SD16A/0250. Oibreacha ar siúl.

Microsoft: Cead pleanála ann d'fhorbairt fhairsing amach anseo. Tá tógáil ar siúl.

Eirgrid: Bhí Iarratas S.I. le haghaidh fostáisiún 220KV ceadaithe ag An Bord Pleanála 28/06/16. Bhí sé ina ábhar in Athbhreithniú Breithiúnach.

Clár Caipitil – Bóthar Nangair / R120: Ceadaithe ag ordú ceannach éigeantach (OCÉ).

Seandálaíocht – GC South: Obair sheandálaíochta ar siúl.

Google: Bhí an Oscailt Oifigiúil i mí an Mheithimh 2016.

Edgeconnex: Iarratas ar Ionad Sonraí úr díreach cóngarach don Pháirc Ghnó ceadaithe. Beidh an rochtain ar an ionad sonraí trí Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí, faoi réir thabhairt i gcrích na dtéarmaí.

Takeda: Fógairt i mí na Nollaig 2016 maidir le togra le haghaidh saoráid táirgthe úr in 2017.

Office Brief: Fuarthas dhá léiriú spéise ach nuair a scrúdaíodh an fhéidearthacht tuilleadh, measadh go raibh sé róluath cóiríocht shuntasach thuairimeach oifige a thógáil i gCaisleán na Gráinsí. Déanfar athbhreithniú air sin amach anseo.



**Cuspóir 3**

**Bainistíocht a dhéanamh ar Shócmhainní Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar bhealach lena dtugtar Tacaíocht d’Fhorbairt Eacnamaíoch**

Toscaireachtaí: Thug toscaireachtaí ón Ísiltír cuairt ar an Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tionóladh líon cruinnithe agus toscaireachtaí ÚFT in 2016.

Coinnítear ÚFT go hiomlán ar an eolas faoi stádas tailte atá ar fáil. Tá cliant úra á lorg go gníomhach ag CCBÁCT.

Rinneadh réamhoibreacha Caomhnaithe ar an gCaisleán chun ullmhú le haghaidh ‘mionpháirc’ in 2017.

Thacaigh Caisleán na Gráinsí le breis is 3150 post ag deireadh 2016.

Lean GCFM Ltd leis an bPáirc Ghnó a chothabháil, a oibriú agus a bhainistiú. In 2016 rinneadh na conarthaí Tírdhreacha agus Slándála a athnuachan trí phróiseas iomlán tairiscintí de réir na gceanglas um sholáthar. Conradh cothabhála TCI ar siúl. Eiseofar tairiscint le haghaidh seirbhísí gairmiúla ag deireadh 2016/ tús 2017.

Measúnú ar cheanglais amach anseo maidir le bunachar talún tionsclaíoch faoi athbhreithniú leanúnach agus maoin ceannaithe. Ceannaíodh an Bunachar Talún Straitéiseach is déanaí siar ó Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí leis an gCuspóir Phlean Forbartha Chontae (PFC) CSÁ 1 ET3 seo a leanas: Athbhreithniú a dhéanamh ar chriosú tailte ó dheas ón gCanáil Mhór agus siar agus ó thuaidh ón R120, lena n-áirítear tailte cóngarach do Chúram Sláinte Peamont, chun plean fadtéarmach a ullmhú maidir leis an méadú ar Chrios Eacnamaíoch agus Fiontraíochta Chaisleán na Gráinsí go dtí an limistéar seo, chun freastal ar infheistíocht straitéiseach amach anseo, agus féachaint ag an am céanna le spás oscailte poiblí a chur ar fáil feadh na Canála, lena n-áirítear limistéar oidhreachta nádúrtha i gcomharsanacht na gcairéal cainéil stairiúil ag Baile Gallrath.

Próiseas ordú ceannach éigeantach (OCÉ) le haghaidh uasghrádú an R120 / Bhóthar Nangair faofa ag An Bord Pleanála (ABP), lena ndéanfar méadú ar inrochtaineacht an bhóthair agus na seirbhíse chuig Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí agus an gceantar níos leithne.

Cuireadh tús in 2016 le forbairt/athbhreithniú ar nósanna imeachta um bainistíocht réadmhaoine chomh maith le forbairt um chóras bainistíochta réadmhaoine úr agus rannpháirtíocht i ngrúpa oibre náisiúnta Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le prótacail le haghaidh tailte poiblí.

Tionóladh líon imeachtaí neamhspleácha i Staidiam Thamhlachta amhail Nitro Circus, agus Fossetts Circus chomh maith le Peil Mheiriceánach, Rugbaí, cluichí Sacair Idirnáisiúnta na mBan agus cluichí UEFA Dhún Dealgan.

## Forbairt Eacnamaíoch Fiontraíochta agus Turasóireachta

### Cuspóir 4

#### **Ionchur na nEalaíon, Leabharlann, Oidhreacht agus na Gaeilge don Cháilíocht Beatha agus Dár nEispéireas Turasóireachta a mhéadú**



Pleananna le haghaidh Chluain Dolcáin Thuaidh agus maoiniú lena aghaidh ag ardchéim.

Tá socruithe léasa ag an Mol Digiteach i mBaile Phámar beagnach curtha i gcrích agus cuirfear tús leis an bhfeistiú go luath.

Leabharlann taistil úr i seirbhís.

Comhaontaíodh Faomhadh Chuid 8 do Leabharlann Caisleán Thigh Motháin.

Seachadadh imeachtaí comórtha céad bliain 1916/2016 i ngach brainse leabharlainne go rathúil.

Bhuaigh leabharlanna an 1ú duais as an mblag YAPS agus an 3ú duais as ábhar léitheoireachta blag Bhaile Ruáin ag Blaganna Ealaíne agus Cultúir Littlewoods.

Comhaontaíodh Straitéis Ealaíon 2016-2020.

Rinneadh clár imeachtaí leabharlann a sheachadadh go rathúil ar fud an ghréasáin brainsí lena n-áirítear Clár Léitheoireachta *Summer Stars*, imeachtaí na Seachtaine Eolaíochta agus Aontaí Ceardaíochta ag leabharlanna Thamhlachta, Bhaile Ruáin agus Leamhcáin.

Bhí 39 imeacht ar siúl ag Féile Leabhar na Líne Deirge in 12 ionad ar fud an chontae.

Tionscnamh na Comhpháirtíochta Eolaíochta idir Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas, IT Thamhlachta agus Foróige chun páirt a thabhairt do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh in ábhair STEM.

Rinneadh ábhair a shainnithint agus a chatalógú i rannóg Staidéar áitiúil/stair áitiúil na Leabharlann do thionscadail an Chloighí agus Shléibhte Bhaile Átha Cliath.

## Cuspóir 5

### **Straitéis Turasóireachta ina nDirítear ar Fhorbairtí Tháirgí agus Brandaí Úra**

Fócas leanúnach ar chur chun feidhme Straitéis Turasóireachta Bhaile Átha Cliath Theas 2015-2020 faofa ag an gComhairle agus lainseáladh í in Aibreán 2015.

Cuireadh Meabhrán Tuisceana i gcrích le Coillte do thionscadal um Thairseach Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Cuireadh pleananna féidearthachta agus máistirphleananna faoi bhráid na Comhairle i mí an Mhárta. Ceapadh foireann chomhairleach tionscadail chun ullmhú Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) a chur chun cinn maidir le hiarratas pleanála a chur isteach chuig an mBord Pleanála in 2017. Rinneadh iarratas ar maoiniú deontais caipitil chomh maith le Fáilte Éireann le haghaidh an tionscadail seo.

Tá straitéis um margaíocht turasóireachta agus plean cur chun feidhme ar siúl - áireofar air sin lainseáil feachtas margaíochta, lógó, suíomh gréasáin agus comhthaobhachtaí i R1 2017.

Cuireadh tús le tógáil ar Ionad Cuairteoirí an Chloigthí i gCluain Dolcáin.

Áiríodh i bhFéile Leabhar na Líne Deirg i nDeireadh Fómhair 2016 réimse leathan ionad, imeachtaí agus fócas margaíochta níos leithne ina raibh líon méadaithe cuairteoirí i gceist.

Tá pleananna ar siúl do Gaelforce Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2017 - deis chun Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chur i láthair. Cuireann tacaíocht na Comhairle bonn is taca faoin togra féile tionscaltreoirithe seo ón nGrúpa Oibre Turasóireachta agus CBS na Forbartha Eacnamaíche, Fiontraíochta agus Turasóireachta.



Cuireadh staidéir féidearthachta chun cinn in 2016 do Staidéar Ghormbhealach na Life, plean Pháirc Chorcaí agus suirbhé baile ar thithe amuigh Oidhreachta ag Caisleán Ráth Fearnáin.

Fuarthas Maoiniú AE chun tionscadal Ghlasbhealach na Dothra a chur chun cinn.

Íocadh €26,500 i leith naoi n-imeacht faoi Scéim na nImeachtaí Turasóireachta Pobal (Diaspóra).

Faomhadh 13 Dheontas d'Aghaidheanna Siopaí in 2016 le hoibreacha leanúnacha feabhsuithe sráidbhaile a chomhlánú.

# Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar





## Cuspóir 1

**Clár Bliantúil Oibreacha  
Bóithre um Chothabháil  
agus um Fheabhsuithe a  
chur chun feidhme**

Tugadh faoi 50 scéim, darbh luach €4.5 milliún ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Lena chois sin rinneadh scéimeanna athsholáthair Cosán ag 82 suíomh ar fud an Chontae.

Rinneadh oibreacha athdhromchlaithe ar an N81 ó Chnoc Slinne go Sráidbhaile an Bhriotáis. Mhainigh Bonneagar Iompair Éireann 2 Scéim um Fheabhsúchán Sábháilteachta chomh maith ar an N81, oibreacha athdhromchlaithe agus draenála ag cora na Lísíní ó dheas ón mBriotás agus deisiúcháin agus feabhsuithe ar an mballa teorann ag Coillte Leamháin.

Rinneadh deisiúcháin droichid agus gnáthoibreacha cothabhála ar 17 droichead bóthair Réigiúnaigh agus áitiúil.

Leis an gclár um chothabháil ar chosain athsholáthraíodh 30,000m<sup>2</sup> de chosán poiblí.

Rinneadh tairiscintí ar chonradh úr maidir le Cothabháil Soilsithe Poiblí agus dámhadh é le linn 2016 agus uasghrádaíodh 3,000 solas go LEDanna ísealfhuinnimh ar fud an Chontae ag costas €900,000.

## Cuspóir 2

**Struchtúr agus Próisis  
um Bainistíocht Ghairmiúil  
Pleanála agus Forbartha a  
choimeád**



Le linn 2016 ghlac an Chomhairle an Plean Forbartha Contae úr do 2016-2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2016.

Tháinig méadú in 2016 arís ar na hiarratais ar phleanáil a fuarthas, agus táthar ag súil le 800 a fháil faoi

dheireadh na bliana. Lena chois sin tionóladh os cionn 240 comhairliúchán réamhpleanála le linn na bliana.

Cuireadh tús arís in 2016 le gníomhaíocht tógála i Criosanna Forbartha Straitéisí (CFS) Bhaile Adaim. Tá tograí suntasacha um fhorbairt chónaithe ag céimeanna éagsúla anois sa phróiseas pleanála a bhféadfadh gníomhaíocht shuntasach tógála bheith mar thoradh air in 2017.

Rinne an Rannóg Pleanála iarratais chomh maith ar mhaoiniú forbartha cónaithe a bhaineann le bonneagar faoi Chiste Gníomhachtaithe Tithíochta um Bonneagar Áitiúil an Rialtais (LIHAF) do CFSanna Bhaile Adaim agus Chluain Buiríosa, Pleananna Ceantair Áitiúla (PCÁ) Bhaile Uí Chuilinn-na Seanchúirte agus Scéim Tionachta Measctha na Grainsí.

Lean an Rannóg Pleanála lena ról a mhéadú i Réimse na Bainistíochta Talún Gníomhaí agus chuir sé athbhreithniú i gcrích ar na tailte criosaithe folmha féideartha sa Chontae lena gcuimsiú sa Chlár úr do Láithreáin Fholmha chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gníomhaíocht tógála cónaithe ar fud an Chontae.

## Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar



### Cuspóir 3

**Gach Cóir Iompair a Chur  
chun Cinn lena n-áirítear  
Siúl agus Rothaíocht  
chun feabhas a chur ar  
ghluaiseacht daoine laistigh  
den Chontae agus níos faide  
ar shiúl ón gContae**

Leanadh le hoibreacha in 2016 ar chlár maidir le Bearta Iompair Inbhanaithe, arna mhaoiniú ag Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus infheistíodh €5 mhilliún sa Chontae ar na scéimeanna seo a leanas:

- Cuireadh oibreacha i gcrích ar lánaí Rothaíochta ó shráidbhaile Thamhlachta i dtreo Theach Mealóg agus feabhsuithe siúil agus rothaíochta ag Acomhal Bhóthar Chnoc Lín/Ó Dróna, Trasrianta Coisithe ar an N81 ag Ráth Miontáin agus Abhainn Mhór agus oibreacha ar Bhóthar na Mainistreach i gCluain Dolcáin.
- Cuireadh tús le hoibreacha chomh maith ar Bhóthar Shruthán Liam, Acomhal an Chuarbhóthair Lasmuigh i Leamhcán agus oibreacha feabhsúcháin siúil thar ar an mBraisle Scoileanna Glasa i mBaile an Ruáin.

Rinneadh athbheithniú ar na luasteorainneacha ar fad laistigh den Chontae agus tionóladh próiseas comhairliúcháin phoiblí reachtúil maidir le luasteorainn úr 30kph a thabhairt isteach i ngach ceantar cónaithe. Faoi réir faomhadh ón gComhairle tiocfaidh na luasteorainneacha cónaithe úra sin i bhfeidhm i dtús 2017.

Mhéadaigh an Chomhairle a clár um oiliúint feasachta rothaíochta agus sholáthair sí oiliúint deimhnithe do 1,838 páiste scoile le linn na bliana.

Cuspóir 4  
**Infheistiú i dTionscnaimh  
um Pobail Inbhuanaithe  
agus um Cháilíocht Beatha**



Cheap agus ghlac an Chomhairle Straitéis úr um Shábháilteacht ar Bhóithre don Chontae, a chuimsíonn an tréimhse 2016-2020 agus bhunaigh sí Grúpa Oibre ‘Sábháilteacht ar Bhóithre le Chéile’ chun maoirseacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm.

Leanadh leis an gClár um Méadú Sráidbhailte in 2016 agus cuireadh na hoibreacha i Ráth Cúil agus Ráth Fearnáin i gcrích. Rinneadh scéimeanna feabhsuithe a dhearadh agus a chomhaontú chomh maith do Theach Sagard, do Thamhlacht, do Chearnóg Belgard agus don Chaisleán Nua agus cuirfear iad sin chun feidhme go luath in 2017.

# Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail





15 aonad tithíochta curtha i gcrích in 2016.

Faomhadh Tionscadal Tógála Tapa amháin le haghaidh 85 aonad trí Chuid 8 in 2016 – cuireadh pleananna costas agus anailís costais is tairbhe aoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá dhá thionscadal Tógála Tapa á gcur trí phróiseas Chuid 8. Tá 220 aonad Tógála Tapa ar an iomlán le cur chun cinn trí 2017.

Tá ceithre thionscadal ag dul tríd an bpróiseas tairisceana ag soláthar 71 aonad ar an iomlán a thosófar go luath in 2017 – agus faomhadh trí thionscadal don chéim tairisceana – 105 aonad san iomlán.

### Cuspóir 1:

## Clár Trí Bliana a chur i bhfeidhm chun Tithíocht Shóisialta a Sholáthar i gComhthéacs na Straitéise um Thithíocht Shóisialta 2020

65 Éadail curtha i gcrích in 2016.

Stoc Reatha Tithíochta Sóisialta – 9,124, 1,501 SCC agus 773 Aonad Léasaithe

1,434 cuntas beo ar Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) amhail an 31 Nollaig 2016.

235 Leithdháileadh in 2016 lena n-áirítear 87 Leithdháileadh Easpa Dídine.

Is é 9 seachtainí an meán-aga slánúcháin d'athléasú.

Próiseas comhaontaithe idir Údarás Áitiúil (ÚÁanna) Bhaile Átha Cliath agus An Chomhairle na hÉireann do Tithíocht Shóisialta maidir le prótacail le leanúint i ndéileálacha le ÚÁ / Forbróirí in éadálacha, léasú, tógáil úr agus ceannacháin atá i bhfeidhm.

Faomhadh an scéim úr cheannaigh incrimintigh ag tionónta agus tháinig sí i bhfeidhm in 2016.

Eisíodh 203 Deontas Príobháideach do Dhaoine faoi Mhíchumais in 2016.

Cuireadh 75 aonad chun sochair Deontas le haghaidh bainistíocht tithe folmha ag costas €1.473 milliún.

Cuireadh 790 aonad chun sochair ó chlár um Éifeachtúlacht Fuinnimh le deontas cabhrach €847,000.

Rinneadh Measúnú ar Riachtanais Tithíochta do na hiarratasóirí sin a bhí ar fad ar an liosta tithíochta an 21 Meán Fómhair 2015 agus rinneadh measúnú ar fhoirmeacha comhlánaithe agus/ar líne.

## Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail

### Cuspóir 2:

### **Ról Ceannaireachta a Ghlacadh i gCuimsiú Sóisialta agus Comhoibriú Idirghníomhaireachta**

Rinne Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (CÁFP) athbhreithniú ar mhaoiniú An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhaíochtú Pobail (CCSGP) arna sheachadadh ag an Lucht Cur chun Feidhme agus rinneadh athbhreithniú comhthreomhar POBAL ar sheachadadh agus spriocanna a comhlíonadh sa réimsí Ag Díriú ar Dhaoine Faoi Mhíbhuntáiste Geografach agus Ag Díriú ar Ghrúpaí faoi Mhíbhuntáiste in 2016.

Bunaíodh Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla (GGÁ) úr do cheantair tuaithe Bhaile Átha Cliath comhdhéanta de CÁFP Fhine Gall agus ionadaithe ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin CÁFP. Tá an GGÁ comhdhéanta de na 19 mball de CÁFP Fhine Gall agus 8 mball eile ó CÁFPanna limistéir riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth Dúin. Is é ról an ghrúpa seo maoirseacht a dhéanamh ar chruthú agus ar chur i bhfeidhm na Straitéise Forbartha Áitiúla (SFÁ) i ndiaidh próiseas comhairliúcháin. D'fhaomh an Roinn an Straitéis Forbartha Áitiúla (SFÁ) do Cheantar Tuaithe Bhaile Átha Cliath agus cuireadh tús le glaonna ar léirithe suime i ndiaidh cruinnithe beochana ar leibhéal áitiúla.

Plean 6 bliana Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) - colúin Pobail agus Eacnamaíochta den phlean comhaontaithe ag PÁEP agus CBS Eacnamaíoch curtha chun cinn. Athbhreithniú Chlár Oibre 2016 trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí curtha i gcrích.

D'éirigh go maith le Féile na Bealtaine agus leis an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta in 2016 agus bhí lánfhreastal ag mórán de na himeachtaí. Bhí os cionn 170 imeacht eagraithe idir an dá cheann.

Leanann Comhaontas Aoisbhá Chontae Bhaile Átha Cliath Theas le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh, agus ag stiúradh na tionscnaimh sin, do na daoine scothaosta gníomhacha sa chontae amhail soláthar de Thuarascáil um Iompar Poiblí, Cúrsaí um Litearthacht Sláinte NALA, 'Trusted Tradesmen' píolótaithe sa

Chaisleán Nua, tionscadal um Thaighde Tithíochta trí IT Thamhlachta, Tacaíocht d'fhorbairt bothán fear - 5 cinn úra in 2016 agus tionscnamh úr ar Shlándáil Tithe do dhoirse agus do Phaitiúnna -500 suiteáil le cur i gcrích faoi dheireadh 2016.

Tionóladh 32 cruinniú um Fhóram Comhphóilíneachta agus Póilíneachta Áitiúla in 2016 lena n-áirítear cruinnithe poiblí ag Tamhlacht, Cluain Dolcáin Thiar Theas agus Cluain Dolcáin Thuaidh.





**Cuspóir 3:**  
**Sláinte, Folláine,**  
**Caitheamh Aimsire agus**  
**Gníomhaíocht a chur chun**  
**cinn chun feabhas a chur ar**  
**an gCáilíocht Beatha**

Chuir an Grúpa Stiúrtha a bunaíodh i gcomhar le FSS, Taighde na Tríonóide, DDLETB agus an Chuideachta Forbartha Áitiúla ar an tionscnamh um Chontae Sláintiúil Bhaile Átha Cliath chun an stádas “Contae Sláintiúil” a bhaint amach lón tionscadal chun cinn in 2016 lena n-áirítear 2 chlár rathúla de ‘We Quit Campaign’ do Mhná, forbairt Straitéise Alcóil le Tascfhórsa Drugaí Thamhlachta. Bronnadh lánchreidiúnú mar chomhalta an Ghréasáin um Chathracha/Chontaetha Sláintiúla i mí na Samhna 2016. Ba iad na príomhthéamaí Gníomhaíocht Choirp agus Straitéis Alcóil. Leantar le hobair chun neamhchothroime sláinte a laghdú agus leabaíodh Sláinte agus Folláine i mbeartais agus i bpríomhréimsí fócais maidir le Gníomhaíocht Choirp agus Stíleanna Gníomhacha Maireachtála a chur chun cinn.

Tá plean Oibre Buanna Sláinte agus Measúnú Riachtanas (BSMR) de thoradh na moltaí ó thuarascáil BSMR á chur i bhfeidhm. Tá an Chomhairle réamhghníomhach anois agus chun tosaigh ar 3 cinn den 12 ghníomhaíocht ina bhfuil béim ar ghnéithe dearfacha de limistéar Thamhlachta, feacht níos fearr ar na saoráidí agus na seirbhísí atá ar fáil agus a n-úsáid a chur chun cinn agus ar deireadh cur chuige bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chun dul i ngleic le mionchoiriúlacht atá á fhorbairt ag an gCoiste Stiúrtha don Chontae Sláintiúil.

SPORTIVATE, Clár úr Forbartha Spóirt na Comhairle a comhaontaíodh i gcomhpháirtíocht le DDLETB agus leis an Roinn Coimirce Sóisialta mar chomhpháirtí chuir 18 rannpháirtí an clár i gcrích le creidiúnú agus fuair 5 rannpháirtí dámhachtainí iomlána. Thosaigh an dara clár in 2016. Tá an clár bunaithe in Ionad Óige agus Teaghlach Ghort an tSrutháin. Freastalaíonn sé ar rannpháirtithe idir na haoiseanna 18 agus 25 bliain d’aois go príomha a bhfuil suim acu dul leis an tionscal spóirt i gcáil éigin nó a ndeiseanna oideachais a chur chun cinn. Tá an clár deartha chun oideachas an rannpháirtí a leathnú agus cuidiú leo filleadh ar an lucht oibre.

## Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail

### Cuspóir 3:

#### **Sláinte, Folláine, Caitheamh Aimsire agus Gníomhaíocht a chur chun cinn chun feabhas a chur ar an gCáilíocht Beatha**

83,489 rannpháirtí i gCláir Spóirt in 2016 leis 1,612 imeacht.

Tionóladh cluichí ceannais Trastíre Scoileanna CCBÁCT an 12 Bealtaine 2016 ag Páirc Chorcaí - 2,950 rannpháirtí ó 59 scoil.

Thug an Coiste Stiúrtha um Chóiríocht do Dhaoine faoi Mhíchumas Straitéis athbhreithnithe um Chóiríocht do Dhaoine faoi Mhíchumas CCBÁCT chun críche ag cruinniú mhí na Nollag 2016.

Seachtain rathúil Sláinte agus Folláine i mí Mheán Fómhair.

322 imeacht Pobail inar mealladh 63,019 rannpháirtí.

563,787 cuairteoirí ar Shaoráidí Caitheamh Aimsire an Comhairle.

Tacaíodh le 26 Tionscadal/Campa Samhraidh in 2016 ag éascú os cionn 6,000 páiste.

Tugadh tacaíocht do 9 bhFéile Sráidbhaile Áitiúla.

Sraitheanna Oíche rathúla le FAI agus na Gardaí – suas le 120 rannpháirtí le linn an chláir ag 4 aonad le linn mhí na Samhna agus bhí 80 duine óg páirteach i gCluichí Ceannais an Chontae a bhí ar siúl an 3 Nollaig 2016.

Fuarthas maoiniú do thionscadal na linne snámha ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus cuireadh Halla Spóirt na Scoile inar cuimsíodh saoráid Phobail do Baile Adaim chun cinn in 2016.





**Cuspóir 4:**  
**Ceannaireacht agus**  
**Forbairt Pobail a éascú**  
**trí Rannpháirtíocht agus**  
**Cumhachtú an Phobail**

Cuireadh an dara babhta de Ghradaim Iarrachta Rathúla chun cinn le linn 2016 agus bronnadh Gradaim an 2 Nollaig 2016. Is é is aidhm leis na Gradaim aitheantas agus luach saothair a thabhairt i leith catagóirí áirithe iarrachta agus chun pobal Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun cinn agus tacú leis.

Reáchtáladh an Ciste Tionscnamh Pobail a d'fhaomh an Chomhairle in 2015 arís in 2016. Leis an Tionscnamh bhí Grúpaí Pobail ábalta tairiscint a dhéanamh ar mhaoiniú nach bhfuil ar fáil dóibh ó acmhainní eile. Dearadh é chun maoiniú/deis a chur ar fáil do rochtain ar chistí i leith tionscadail shuntasacha feabhsúcháin pobail agus Cultúir/oidhreachta nó comharsanachta. Bhí 69 iarratas ann agus d'éirigh le 18 n-iontráil.



Osclaíodh an Scéim um Dheontais Phobail le haghaidh iarratas dhá uair le linn 2016 - i mí Feabhra agus i mí Mheán Fómhair.

Leanann ballraíocht LRP ag fás. Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú breise ar fáil chun tacú le LRPanna ar fud na tíre. Baintear leas as LRP do gach fógra ón gComhairle. Is ionann ballraíocht/clárú LRP anois agus 430. Tá cumarsáid chuig grúpaí eile á leathnú. Lainseáladh Eolaire úr Comhaltáí LRP agus fógraíodh Clár Oiliúna le linn 2016.

Tá 9 nGrúpa Bailte Slachtmhara Gníomhach ó thosú na bliana (Cluain Dolcáin, Leamhcán, an Caisleán Nua, Baile Phámar, Teach Mealóg, Woodstown, Cluain Dolcáin Thuaidh, an Grifín agus an Seanbhábhún) agus sainnithníodh 2 ghrúpa úra agus bhí obair forbartha acmhainne ar siúl le linn na bliana. Bhí feabhas ar thorthaí Ghrúpaí uile na mBailte Slachtmhara i gComórtas Náisiúnta Bailte Slachtmhara SuperValue i mbliana a fógraíodh an 26 Meán Fómhair 2016.

Thacaigh an Chomhairle le Iontrálaithe *Pride of Place* 2016 le 5 n-iontráil. Chuir an Chomhairle Cumann Pobail Ghleann an Smóil, RAMS, Re-Create, Ionaid Pobail Doimnic agus LRP CCBÁCT isteach agus bhuaigh Doimnic an tIonad Comharsanachta Uirbí le haghaidh 2016.

# An Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide





**Cuspóir 1:**  
**Feabhas a chur ar chuma  
ár gContae ar Mhaithe le  
Forbairt Eacnamaíoch**

Rinneadh tailte páirce agus spásanna oscailte a chothabháil lena n-áirítear sceideal gearrtha féir ó Mhárta go Deireadh Fómhair faoinár gearradh os cionn 6,000 heicteár féir sa tréimhse.

Plean Gníomhaíochta le haghaidh chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Bruscair 2016 iarcheangailte: Rinneadh 3850 gearán a fhiosrú, eisíodh 434 Fíneáil Bruscair, le 56 láithreas os comhair na Cúirte le linn 2016.

*Living with Trees* - Beartas Bainistíochta Crann CCBÁCT: Sa tréimhse Eanáir go Samhain 2016, scrúdaíodh 4469 crann; cuireadh 424 crann agus tá 700 eile le cur mar chuid den clár leanúnach cuir crann gheimhreadh 2016/earrach 2017; rinneadh 1417 crann a phrúnáil; baineadh 642 agus baineadh 522 stumpa crainn.

Scéim Feabhsúcháin Tírdhreacha an N81: Cuireadh réamhdhearadh scéim feabhsúcháin an N81 chun cinn le linn 2016. Rinneadh ábhar comhairliúcháin phoiblí de línóchtaí agus doiciméid Chuid 8 ó mhí na Samhna 2016 go dtí an 20 Eanáir 2017. Rinneadh soláthar chun an tionscadal a sheachadadh in 2017 agus 2018.

Scéim Urraíochta le haghaidh Timpeallán: In Aibreán 2016, iarradh tairiscintí ó pháirtithe a raibh suim acu sa Scéim Urraíochta le haghaidh Timpeallán. Fuarthas aighneachtaí tairisceana do chúig cinn de na 16 timpeallán a fógraíodh. Tá oibreacha feabhsúcháin agus uasghráduithe á ndéanamh ar na timpealláin seo a leanas: Cearnóg Belgard/ITT; Eastát Tionsclaíochta Bhaile an Mhóta ag aomhal Bhóthar Bhaile an Mhóta/Bhóthar Turnpike; timpeallán Orwell; Baile Baodáin/Lána an Táilliúraigh agus ag Baile Scallart/Teampall Ruáin.

## An Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide

### Cuspóir 1: **Feabhas a chur ar chuma ár gContae ar Mhaithe le Forbairt Eacnamaíoch**

Rinneadh Clár Láithreán Tréigthe a choimeád agus rinneadh cigireacht ar 371 Foirgneamh Contúirteach/Láithreán Tréigthe le linn na bliana, bhí 16 láithreán ar an gClár ag deireadh 2016, dílsíodh 5 réadmhaoin agus láithreán breise ag feitheamh achomhairc leis an mBord Pleanána i ndiaidh agóid ón úinéir.

